# Fógra Príobháideachais RGCS Uiscebhealaí Éireann

## Ár ngealltanais duit maidir le húsáid agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do chuid faisnéise pearsanta a chosaint agus a bheith trédhearcach faoi na fáthanna a mbainimid úsáid aisti. Insítear san Fhógra Príobháideachais seo duit faoina bhfuil i gceist nuair a bhailíonn Uiscebhealaí Éireann do chuid faisnéise pearsanta. Scríobhadh é de réir Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) an Aontais Eorpaigh a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, agus de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018 (RA), agus de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018 (Éire). Cuirtear san áireamh leis freisin cinneadh na RA chun an tAontas Eorpach a fhágáil an 31 Eanáir 2020 agus an reachtaíocht ghaolmhar (Alt 3 den Acht um Tharraingt Siar AE 2018 agus na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (Imeacht ón AE) 2019).

Mínítear an méid a leanas san Fhógra Príobháideachais:-


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Cé muid** | **2** |
| **2.** | **Cad is Sonraí/Faisnéis Phearsanta ann** | **2** |
| **3.** | **An fáth a mbailímid d’fhaisnéis phearsanta** | **3** |
| **4.** | **An áit óna bhfaighimid d’fhaisnéis phearsanta** | **3** |
| **5.** | **Cad iad na catagóirí de Shonraí Pearsanta a bhailímid** | **3** |
| **6.** | **An dóigh a gcoinnímid d’fhaisnéis sábháilte agus an áit a stóráiltear** | **5** |
| **7.** | **Cá fhad a choinnímid d’fhaisnéis phearsanta** | **5** |
| **8.** | **Cé leis a roinnimid d’fhaisnéis phearsanta** | **6** |
| **9.** | **Aistriú d’fhaisnéis pearsanta chuig tíortha eile** | **6** |
| **10.** | **Do chearta um fhaisnéis phearsanta mar an ‘Ábhar Sonraí’** | **8** |
| **11.** | **Do chuid freagrachtaí mar an ‘Ábhar Sonraí’** | **8** |
| **12.** | **Sonraí teagmhála dár nOifigeach Cosanta Sonraí** | **10** |
| **13.** | **An Dóigh le Gearán faoi Chosaint Sonraí a dhéanamh** | **11** |
| **14.** | **Ról Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus Ról an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn** | **11** |
| **15.** | **Nuashonruithe ar an Fhógra Príobháideachais seo** | **12** |
| **16.** | **Naisc le láithreáin ghréasáin eile** | **12** |

## 1. Cé muid

Is é Uiscebhealaí Éireann an **Rialaitheoir Sonraí** maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála a thuairiscítear in Ailt 3, 4 agus 5. Ciallaíonn sé seo go gcinneann Uiscebhealaí Éireann cén fáth agus cén dóigh a ndéantar d'fhaisnéis phearsanta a phróiseáil. Sa chás go dtagraíonn an Fógra Príobháideachais seo do 'muid', 'ár' nó 'linn', mura luaitear a mhalairt, tá sé ag tagairt d'Uiscebhealaí Éireann.

Is comhlacht trasteorann é Uiscebhealaí Éireann a bunaíodh faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann an 10 Aibreán 1998. Tugadh éifeacht intíre don Chomhaontú leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh / Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 faoi seach.

Is í an fheidhm reachtúil atá againn ná bainistíocht, forbairt, athchoiriú agus cothabháil a dhéanamh ar uiscebhealaí inseolta intíre ar leith, a úsáidtear go príomha ar mhaithe le caitheamh aimsire. Is údarás loingseoireachta trasteorann muid a thugann faoi bhainistiú, cothabháil, forbairt agus athchoiriú ar bheagnach 1,100km d'uiscebhealaí loingseoireachta intíre, agus níos mó ná 600km de Ghlasbhealaí agus Gormbhealaí, a úsáidtear go príomha ar mhaithe le caitheamh aimsire, agus a áiríonn:

- Seolbhealach na Bearú
- Seolbhealach na Banna íochtar
- An Chanáil Ríoga
- An Chanáil Mhór
- Córas na hÉirne
- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
- Seolbhealach na Sionainne
-

I mí Iúil 2007, leathnaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ár sainchúram chun freagracht as Canáil Uladh a atógáil ó Loch Éirne Uachtair go Cluain Eois, agus tar éis í a athchóiriú, as a bainistíocht, a cothabháil agus a forbairt, chun críocha áineasa go príomha.

## 2. Cad is Sonraí Pearsanta ann

Is **sonraí pearsanta** iad sonraí iad a bhaineann le duine beo inaitheanta i.e. an 'tÁbhar Sonraí'. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí air seo do:-

- Ainm
- Seoladh:
- Uimhir Ghutháin
- Dáta Breithe
- Sonraí Bainc
- Seoladh R-phoist

**Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta:** Tagraíonn RGCS do shonraí pearsanta íogaire amhail 'Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta'. Baineann sé sin le duine beo inaitheanta ach nochtann sé aon cheann ar bith díobh seo a leanas:-

- Cine nó eitneachas
- Tuairimí polaitiúla
- Creideamh reiligiúnach nó creidimh chomhchosúla nó creidimh eile
- Folláine coirp nó mheabhrach
- Sonraí géiniteacha
- Claonadh gnéis
- Ballraíocht i gceardchumann
- Bithmhéadracht (nuair a úsáidtear é le haghaidh críocha Aitheantais)

## 3. Cén fáth a mbailímid d'fhaisnéis phearsanta

Bailímid agus próiseálaimid raon leathan sonraí pearsanta d'fhonn ár seirbhísí a sholáthar mar chomhlacht poiblí, agus tacaímid leat mar bhall den phobal nó mar ár bhfostaí. Mar shampla,

- Na seirbhísí, na táirgí nó an fhaisnéis a d'iarr siad a sholáthar do bhall den phobal.
- Taifead a choinneáil ar chaidreamh an phobail linn (cén uair agus cén dóigh a ndearna siad teagmháil linn).
- Chun a chinntiú go bhfuil a fhios againn cén dóigh is fearr lenár gcustaiméirí go ndéanfaí teagmháil leo.
- Chun cuidiú linn a shainaithint agus a thuiscint cén dóigh ar féidir linn ár gcuid seirbhísí, táirgí nó faisnéis a sheachadadh agus a fheabhsú.
- Ár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh maidir lenár bhfostaithe agus leis an bpobal.
  *Ceanglaítear orainn mar chomhlacht poiblí leasanna luach saothair agus pinsin ár bhfoireann bainistíochta sinsearaí a nochtadh inár dTuarascáil Bhliantúil fhoilsithe.*

Chun do chuid faisnéise pearsanta a bhailiú agus a úsáid go dleathach, bímid ag brath ar cheann amháin nó níos mó den bhunús dlí seo a leanas:-

- An cead s'agat
- Comhlíonadh conartha
- Comhlíonadh oibleagáide dlíthiúila
- Comhlíonadh taisc phoiblí ar mhaithe le leas an phobail
- Na leasa dilsteanacha atá againn

Má roghnaíonn tú faisnéis iarrtha a choinneáil siar, b'fhéidir nach mbeimid in ann seirbhísí áirithe a sholáthar duit.

## 4. Cá bhfaighimid do chuid faisnéise pearsanta?

Bailímid faisnéis phearsanta ó fhoinsí éagsúla go díreach uait agus go hindíreach ó thríú páirtithe. Mar shampla,

- Nuair a sholáthraíonn tú é go díreach dúinn ar an teileafón, ag cruinnithe, comhdhálacha, imeachtaí, taispeántais, trínár gcláir oideachais, nó trí chomhfhreagras i scríbhinn a d'fhéadfaimis a fháil uait.
- Nuair a iarrann tú soitheach a chlárú linn, nuair a cheannaíonn tú ceadanna loingseoireachta, cártaí cliste, foilseacháin, léarscáileanna, feistithe geimhridh, nuair a chuireann in áirithe ár saoráidí duga thirim, nó nuair a dhéanann tú ceadúnas, léas nó comhaontú dlíthiúil eile linn maidir le d'úsáid as ár maoin.

- Nuair a dhéanann tú iarratas ar phost linn agus ina dhiaidh sin le linn do chuid fostaíochta, nó má ghlacann tú post mar bhall dár gCoiste Iniúchóireachta.

- Taifeadtaí dróin tógtha chun bainistíocht agus cothabháil éifeachtach ár sócmhainní a chumasú.

- Uaireanta faigheann muid sonraí pearsanta go hindíreach ó eagraíochtaí eile, mar shampla,

    - Nuair a thugann tú cead d'eagraíochtaí eile é a roinnt linn (e.g. ardáin ar na meáin shóisialta mar Facebook agus Twitter).

    - Sonraí úinéirí talún ón tSeirbhís Talún & Maoine i dTuaisceart Éireann, ón Údarás Clárúcháin Maoine in Éirinn nó ó údaráis áitiúla, i gcás ina bhfuil na sonraí sin ábhartha maidir le cosaint, forbairt agus cur chun feidhme ár leasanna maoine.

    - Ó ionadaithe atá ag gníomhú ar do shon, mar shampla aturnaetha, dochtúirí, cuideachtaí árachais leighis nó ceardchumainn.

    - Ó íomhánna grianghrafadóireachta agus físe a tógadh ag imeachtaí poiblí.

  Sa chás go bhfuil sé ar intinn againn do chuid sonraí pearsanta a fhaightear go hindíreach a úsáid (*cé is moite de na meáin shóisialta*) agus tá sonraí teagmhála ar fáil dúinn, rachaimid i dteagmháil leat i gcónaí chun a chur in iúl duit go bhfuil do chuid faisnéise pearsanta á gcoinneáil againn agus cuspóir na húsáide atá beartaithe againn ina thaobh.

- Nuair a dhéanaimid sonraí pearsanta a ghabháil trí úsáid a bhaint as teilifís chiorcaid iata (CCTV) atá suiteáilte chun slándáil ár réadmhaoine a chothabháil agus chun coireacht a chosc agus a imscrúdú.

- Is féidir taifeadtaí TCI (CCTV) a úsáid mar fhianaise le linn fiosrúcháin smachtaithe agus gearáin san áit oibre, agus is féidir go gcuirtear isteach iad mar fhianaise le linn éisteachtaí smachtaithe agus gearáin.

- Coinnímid taifead de Phrótacal Idirlín (IP) agus sonraí tráchta a logálann ár bhfreastalaithe go huathoibríoch, mar shampla do sheoladh IP agus faisnéis faoi do ghléas. Bailímid roinnt staidrimh láithreáin, feidhmchlár agus seirbhíse freisin amhail rátaí rochtana, amais leathanach agus amharc leathanach. Ní féidir linn duine ar bith a aithint ó shonraí tráchta nó ó staidreamh láithreáin.

- Trí fhianáin a bhailiú ar comhaid bheaga téacs iad a aistrítear ónár láithreáin ghréasáin, feidhmchláir nó seirbhísí agus a stóráiltear ar do ghléas. Cuidíonn siad sin linn seirbhís phearsantaithe a sholáthar duit, agus cabhraíonn siad le go n-oibreoidh ár láithreáin ghréasáin, feidhmchláir agus seirbhísí níos fearr duitse. Teastaíonn fianáin atá fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh ár láithreáin ghréasáin, feidhmchláir nó seirbhísí i gceart mar shampla, tugann na fianáin sin deis duit rochtain a fháil ar chodanna slána de shuíomh gréasáin. Bailíonn fianáin fheidhmíochta agus teicneolaíochtaí anailísíochta faisnéis faoin dóigh a n-úsáideann cuairteoirí agus úsáideoirí ár láithreáin ghréasáin, feidhmchláir agus seirbhísí, mar shampla an fheidhmiúlacht is minice a úsáideann cuairteoirí agus má fhaigheann siad teachtaireachtaí earráide ó réimsí de na láithreáin ghréasáin, feidhmchláir nó seirbhísí. Ní bhailíonn na fianáin faisnéis a shainaithníonn cuairteoir nó úsáideoir. Déantar an fhaisnéis uile a bhailítear trí fhianáin a chomhiomlánú agus dá bhrí sin bíonn sí gan ainm.

## 5. Cad iad na catagóirí Sonraí Pearsanta a bhailímid

Bailíonn agus próiseálann gach rannán laistigh d'Uiscebhealaí Éireann sonraí pearsanta ar roinnt cúiseanna. Ní bhailímid, ní choinnímid agus ní phróiseálaimid ach catagóirí áirithe faisnéise pearsanta nuair is gá agus nuair is comhréireach é sin a dhéanamh d'fhonn ár seirbhísí a sholáthar nó chun ceanglas dlíthiúil nó rialála a chomhlíonadh.

Mura dteastaíonn catagóirí áirithe de do chuid faisnéise pearsanta uainn ní iarrfaimid iad. Má tá catagóirí de d'fhaisnéis phearsanta againn cheana féin agus mura measann muid gur dócha go leanfaimid orainn ag éileamh an fhaisnéis uile chun na críche céanna ar bailíodh í ar dtús, scriosfaimid í de réir ár Sceideal Coinneála agus Diúscartha. Sa chás go bhfuil sé beartaithe againn faisnéis phearsanta a úsáid chun críocha taighde agus anailíse, beidh do chuid sonraí gan ainm mura soláthraíonn tú toiliú i scríbhinn gur féidir linn iad a nochtadh chun críocha sainiúla den sórt sin.

Féadfaimid a iarraidh ort smaoineamh ar do chuid sonraí pearsanta a sholáthar chun ár gcuid táirgí nó seirbhísí a fhormhuiniú chun críocha margaíochta, agus is le do thoiliú i scríbhinn amháin a dhéanfaimid amhlaidh.

## 6. Cén dóigh a gcoinnímid d'fhaisnéis sábháilte agus cá stóráiltear í

Cosnaímid d'fhaisnéis phearsanta trí bhearta rialaithe teicneolaíochta agus eagrúcháin iomchuí agus cothrom le dáta a chur chun feidhme agus de réir ár mbeartais inmheánacha agus de réir ár gceanglas rialála seachtrach; coimeádann siad sin ár ríomhairí, comhaid agus foirgnimh slán.

Tá rochtain foirne ar fhaisnéis phearsanta teoranta do bhaill foirne ábhartha amháin i ngach réimse oibre a bhfuil sé de cheangal orthu caidreamh a choinneáil leat, nó do shonraí pearsanta a nuashonrú. Feidhmíonn baill foirne a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis phearsanta íogair le leibhéal breise srianta slándála. Ní féidir ach le baill foirne údaraithe Uiscebhealaí Éireann rochtain a fháil ar na cineálacha éagsúla faisnéise pearsanta a bhailímid agus a phróiseálann muid.

Coinnítear cóip chrua de chomhaid sonraí pearsanta i gcórais chomhdaithe shlána. Stóráiltear faisnéis phearsanta a choinnítear ar chórais leictreonacha stórála sonraí ar fhreastalaithe slána inár n-oifigí agus ar ár suíomhanna athshlánaithe i gcás tubaiste. Tá gach ríomhaire glúine criptithe le haghaidh slándála méadaithe chun stóráil phearsanta sonraí pearsanta a cheadú nuair is gá sin chun críocha gnó. Ciallaíonn criptiú go bhfuil faisnéis i bhfolach ionas nach féidir í a léamh gan eolas speisialta, mar shampla Pasfhocal; déantar é seo le cód rúnda.

Mar chomhlacht trasteorann, oibríonn Uiscebhealaí Éireann ó oifigí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Mar thoradh air sin bíonn stóráil agus aistriú sonraí pearsanta ann sa dá dhlínse agus eatarthu. Tar éis imeacht foirmiúil na RA ón AE an 1 Eanáir 2021, leanfaidh aistrithe sonraí pearsanta a rinne Uiscebhealaí Éireann óna n-oifigí in Éirinn go Tuaisceart Éireann de réir cheanglais chomhlíonta RGCS, agus de réir na Rialacháin Sonraí RA um Chosaint, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (Imeacht ón AE), 2019 chomhfhreagracha fosta.

Déanann eagraíochtaí laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach óstáil ar roinnt seirbhísí seachtracha a úsáideann Uiscebhealaí Éireann, agus i ngach ceann de na cúinsí sin comhaontaíonn conraitheoirí/gníomhairí aonair (Próiseálaithe nó Rialaitheoirí) riachtanais chomhlíonta RGCS i scríbhinn, ag úsáid Clásail Chaighdeánacha Chonartha an Aontais Eorpaigh (CCCanna) (féach Alt 9).

### Rioscaí Príobháideachais

Má tá beartaithe againn do chuid sonraí pearsanta a stóráil nó a phróiseáil ar bhealaí nua, déanfaimid na rioscaí a mheas agus déanfaimid cinneadh ansin más amhlaidh go bhfuil gá le Measúnú Tionchair Sonraí nó nach bhfuil. Nuair a mheastar go bhfuil riosca ard ag baint leis an phlean faoi choinne stórála nó próiseála nua, déanfaimid Measúnú Tionchair Sonraí. Má chinnimid nach bhfuil Measúnú Tionchair Sonraí ag teastáil déanfaimid na cúiseanna leis an gcinneadh sin a dhoiciméadú.

### Ár gcaighdeáin um Chosaint Sonraí a threisiú

Tá sé de dhualgas ar fhoireann Uiscebhealaí Éireann déileáil le haon sonraí pearsanta a bhailítear agus ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí 2018 agus Beartas um Chosaint Sonraí Uiscebhealaí Éireann á gcomhlíonadh go hiomlán. Déantar comhlíonadh Bheartas um Chosaint Sonraí Uiscebhealaí Éireann agus faireachán air sin a athbhreithniú agus a phlé go rialta leis an fhoireann trí iniúchtaí, agus trí sheisiúin faisnéise agus oiliúna feasachta. Nuair a dhéanann tú teagmháil linn chun ceisteanna a chur faoi d'fhaisnéis phearsanta, iarrfaimid ort tú féin a chur in aithne le haitheantas ar leith d'fhonn cur ar ár gcumas freagairt d'aon 'Iarratas Duine ar a Shonraí' a fhéadfaidh tú a dhéanamh chun do chuid faisnéise pearsanta a nochtadh, nó chun cearta Ábhar Sonraí eile a fheidhmiú atá mionsonraithe in Alt 10. Tá sé tábhachtach d'aitheantas a fhíorú chun cur ar ár gcumas do chuid faisnéise a chosaint.

## 7. Cá fhad a gcoinnímid d'fhaisnéis phearsanta

Ní úsáidfimid agus ní stórálfaimid do chuid faisnéise ach a fhad agus a bheidh sí ag teastáil chun na críche ar bailíodh í ar dtús. Braitheann an fad a stórálfar í ar nádúr na faisnéise pearsanta, an úsáid atá á baint aisti agus uaireanta, ar cheanglais dhlíthiúla reachtúla a chuireann iallach orainn faisnéis phearsanta áirithe a choinneáil ar feadh tréimhsí sonraithe. D'fhoilsigh Uiscebhealaí Éireann Sceideal Coinneála agus Diúscartha Taifead ina dtugtar breac-chuntas ar na frámaí ama a scriosfar sonraí pearsanta ina dhiaidh sin. Féadfaidh tú rochtain a fháil ar ár Sceideal Coinneála agus Diúscartha Taifead trí theagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí mar a mhínítear in Alt 12.

## 8. Cé leis a roinnimid do chuid faisnéise

Ní roinnimid faisnéis le daoine eile ach sa chás go bhfuil ceanglas dlíthiúil ann déanamh amhlaidh, chun ár bhfreagrachtaí as tascanna poiblí a chomhlíonadh, chun oibleagáidí conartha fostaíochta a chomhlíonadh, nó mar fhreagairt ar iarratais ó fhostaithe.

**Ní dhíolaimid ná ní roinnimid do chuid faisnéise pearsanta le húsáid ag eagraíochtaí eile**.

*Tá oibleagáid dhlíthiúil orainn do chuid faisnéise pearsanta a nochtadh maidir leis an méid a leanas:-*

- Orduithe cúirte
- De réir mar a éilíonn Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, An Garda Siochána agus gníomhaireachtaí coireachta eile chun coireacht a chosc nó a bhrath
- Chuig Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC) nó Coimisinéir Ioncaim na hÉireann maidir le hasbhaintí cánach agus ceisteanna

- Chuig Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste in Éire chun úsáid éifeachtach a bhaint as ár maoiniú
- Chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát in Éirinn maidir le héilimh dliteanais
- Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann agus Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann maidir le timpistí
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Sábháilteachta (FSS) Éireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta rianaithe le linn na paindéime
- De réir mar a éilíonn na seirbhísí éigeandála i gcás ina bhfuil cás éigeandála cosúil le breoiteacht nó gortú tromchúiseach, sa chás go bhfuil sé ríthábhachtach do dhuine sonraí pearsanta a nochtadh
- Ranna urraíochta ár rialtais agus Ranna Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn, Coiste Iniúchóireachta Uiscebhealaí Éireann agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas de réir mar a éilíonn ár reachtaíocht chumasúcháin. Déanfar rialachas nochtadh sonraí pearsanta do na comhlachtaí sin a bhainistiú trí Chomhaontuithe Comhroinnte Sonraí ar leithligh le hUiscebhealaí Éireann.

## Nuair a fhostaímid soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí chun feidhmiú ar ár son

Úsáidimid soláthraithe tríú páirtí agus soláthraithe seirbhíse a stórálann nó a phróiseálann faisnéis phearsanta ar ár son, a chabhraíonn lenár seirbhísí a sholáthar duit, nó a chuireann ar ár gcumas ár bhfreagrachtaí tascanna poiblí a chomhlíonadh i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil. Is é ár leas dlisteanach freisin soláthraithe tríú páirtí a úsáid chun oibríochtaí costaséifeachtacha agus éifeachtúla a choinneáil.

Beidh smacht iomlán againn i gcónaí ar an méid a fheiceann ár soláthraithe agus ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, cá fhad a fheiceann siad é agus a bhfuil cead acu a dhéanamh leis. Ní nochtann muid dóibh ach aon fhaisnéis phearsanta atá riachtanach dóibh chun a seirbhís a sholáthar. Cinntímid é sin trí chonradh i scríbhinn a bheith againn a éilíonn orthu do chuid faisnéise a choinneáil slán agus gan í a úsáid seachas de réir ár dtreoracha sonraithe.

***Soláthraithe Tríú Páirtí agus Soláthraithe Seirbhíse agus daoine aonair lena roinnimid faisnéis phearsanta maidir lenár n-oibríochtaí conartha fostaíochta***

- Cuideachtaí stórála agus dáilte foilseachán
- Tacaíocht seirbhíse Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- Córais Bainistíochta Cásanna Aturnae a sholáthar
- Comhairleoirí Dearaidh Innealtóireachta agus Comhshaoil maidir le húinéirí talún atá ábhartha do thionscadail / phleananna forbartha áirithe
- Luachálaithe chun cabhrú linn comhaontuithe léasa agus ceadúnais maoine a dhéanamh
- Córais Bainistíochta Maoine
- Aturnae Uiscebhealaí Éireann agus abhcóide dlí gaolmhar
- Soláthraithe seirbhíse Baincéireachta agus Íocaíochta
- Cuideachtaí Cárta Breosla
- Soláthraithe seirbhíse Iniúchóireachta Seachtraí, Airgeadais agus Cánachais

***Soláthraithe Tríú Páirtí, Soláthraithe Seirbhíse agus daoine aonair a roinnimid faisnéis phearsanta leo maidir le hoibleagáidí conartha fostaíochta***

- Soláthraithe córais párolla
- Riarthóir Pinsean
- Iarfhostóirí nó fhostóirí ionchasacha
- Oiliúnóirí, oideachasóirí, eagraíochtaí scrúdaithe agus creidiúnaithe
- Eagraíochtaí airgeadais
- Gníomhaireachtaí tagartha creidmheasa
- Gairmithe leighis
- Ranna leasa shóisialaigh
- Comhairleoirí Acmhainní Dapmma
- Cuideachtaí ceardchumainn agus árachais leighis

**Nuair a iarrann fostaí go roinnfimid a gcuid sonraí pearsanta le heagraíochtaí agus le daoine aonair eile**

- Ceardchumainn
- Comhair chreidmheasa
- Bainc
- Cuideachtaí pinsin
- Carthanais
- Soláthraithe cúraim leanaí
- Cuideachtaí cúraim sláinte
- Clubanna áineasa
- Ionadaithe teaghlaigh agus ionadaithe ainmnithe eile d'fhostaithe a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil againn

## 9. Aistriú d'fhaisnéise pearsanta chuig tíortha eile

Déantar na sonraí pearsanta uilig a úsáideann muid a phróiseáil taobh istigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó sa Ríocht Aontaithe. Déantar gach aistriú sonraithe pearsanta i gcomhréir le reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Déantar sonraí pearsanta a aistriú ón RA go dtí an LEE ar bhonn rialacháin leordhóthanachta an RA. Déantar sonraí pearsanta a aistriú ón LEE go dtí an RA ar bhonn an Aontais tradála agus comhoibrithe AE – RA. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach in amanna eolas pearsanta a aistriú taobh amuigh de LEE nó den RA. Nuair is gá sin a dhéanamh, is féidir go n-aistreofaí eolas go tíortha nó dúichí ar fud na cruinne. Beidh gach aistriú déanta i gcomhréir iomlán le gach gné de reachtaíocht um chosaint Sonraí, agus déanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhréir iomlán leis na riachtanais dhlíthiúla, le cinnte déanta go mbainfear úsáid as cosaintí agus bearta slándála.

## 10. Do chearta um fhaisnéis phearsanta mar an 'Ábhar Sonraí'

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí cearta sonracha d'Ábhair Sonraí maidir le bailiú agus próiseáil a gcuid sonraí pearsanta.

Tá RGCS an AE glactha i ndlí na RA le hAlt 3 den Acht um Tharraingt siar ón AE 2018 agus leis Na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (AE) 2019. Ciallaíonn sé sin, tar éis Brexit, faoi RGCS nua na RA, nach mbeidh aon athrú láithreach ar

chaighdeáin chosanta sonraí na RA. Leanfaidh Uiscebhealaí Éireann de chomhlíonadh RGCS na RA agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 in Éirinn agus RGCS na RA agus na Rialachán um Chosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (Imeacht ón AE), 2019.

D'fhonn aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú, dean teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí mar a mhínítear in Alt 12 den doiciméad seo. Is féidir linn cuidiú leat leis na rudaí seo a leanas:-

### *Bheith ar an eolas faoin fhaisnéis a phróiseálaimid (Ceart chun Faisnéise)*

Cuirfimid ar an eolas tú faoin fhaisnéis phearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid trí Fhógraí Príobháideachais agus cumarsáid dhíreach eile leat.

### *Rochtain ar do chuid faisnéise pearsanta (Ceart Rochtana)*

Féadfaidh tú cóip den fhaisnéis phearsanta atá againn a bhaineann leat, agus an dóigh a mbailímid, a ndéanaimid do chuid faisnéise pearsanta a roinnt agus a úsáid a iarraidh orainn. Soláthrófar é sin saor in aisce mura meastar go bhfuil an t-iarratas ina ualach riaracháin iomarcach. Féadtar cóip chrua agus taifid leictreonacha a áireamh in iarraidh chun cóip den fhaisnéis phearsanta atá á coinneáil againn fút, ar a dtugtar **'Iarratas Duine ar a S(h)onraí'**. Próiseálfar d'iarratas agus soláthrófar an fhaisnéis duit laistigh de 1 mhí féilire ón dáta a fuarthas an iarraidh. Teastóidh cruthúnas aitheantais agus seolta uainn sular féidir linn an fhaisnéis sin a scaoileadh.

### *Do chuid faisnéise pearsanta a nuashonrú agus a cheartú* (*An Ceart go ndéanfaí Ceartúcháin*)

Féadfaidh tú iarraidh orainn faisnéis phearsanta atá againn fút atá míchruinn nó neamhiomlán a nuashonrú / a cheartú . Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta go léir a chuirtear ar fáil dúinn cruinn agus iomlán, agus má athraíonn siad caithfidh tú é sin a chur in iúl dúinn a luaithe is féidir.

### *Do chuid faisnéise pearsanta a scriosadh (An Ceart go ndéanfaí Léirscriosadh ar a dtugtar freisin an Ceart go ligfí ábhar sonraí i nDearmad)*

Féadfaidh tú iarraidh orainn do chuid faisnéise pearsanta a scriosadh. I roinnt cásanna coinneoimid do chuid faisnéise nuair a éilítear í chun críocha dlíthiúla.

### *Srian le do chuid faisnéise pearsanta (An Ceart go gcuirfí Srian leis)*

Féadfaidh tú a iarraidh orainn go gcuirfí srian le próiseáil do chuid faisnéise pearsanta má mheasann tú mar shampla go bhfuil na sonraí míchruinn nó go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach, ach ní theastaíonn uait go scriosfaimis do chuid sonraí. Féadfaimid leanúint ar aghaidh ag próiseáil do chuid sonraí pearsanta i gcás go dtugann tú toiliú le próiseáil den sórt sin, go bhfuil sé riachtanach chun críocha dlíthiúla nó ar mhaithe le leas an phobail.

### *Do thoiliú a bhaint (An Ceart Cur in Aghaidh)*

Féadfaidh tú d'intinn a athrú gach uair a thugann tú do thoiliú dúinn, mar shampla chun cumarsáid dhíreach nó margaíocht a fháil, nó chun a chur ar ár gcumas d'fhaisnéis íogair a úsáid, mar shampla sonraí leighis i gcás fostaíochta. Cuirfimid faisnéis ar fáil duit faoi na gníomhartha atá tógtha againn má bhainfidh tú do thoiliú nó má chuireann tú inár gcoinne leanúint ar aghaidh ag próiseáil do chuid faisnéise pearsanta.

***Ag bogadh do chuid faisnéise (An Ceart chun Iniomparthachta)***
Tá sé de cheart agat a iarraidh go dtabharfaí d'fhaisnéis phearsanta ar ais duit féin nó do sheirbhís soláthraí eile de do rogha i bhformáid a úsáidtear go coitianta. Nuair is féidir, roinnfimid cóip dhigiteach de do chuid faisnéise pearsanta go díreach leat féin nó le heagraíocht eile.

***An ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireachta uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú***
Ní úsáidimid cinnteoireacht uathoibrithe faoi láthair maidir le haon sonraí pearsanta a fhéadfaidh tú a sholáthar. Má chinneann Uiscebhealaí Éireann déanamh amhlaidh sa todhchaí, ní úsáidfear é gan idirghabháil an duine chun tuairimí aonair a chur in iúl agus a bhreithniú. Cinnteoidh sé sin nach ndéanfar aon chinneadh maidir leatsa bunaithe ar phróiseas uathoibrithe amháin.

## 11. Do chuid freagrachtaí mar an 'Ábhar Sonraí'

Le go bhféadfaimis ár seirbhísí a sholáthar duit go héifeachtach, teastaíonn uainn go ndéanfá na rudaí seo a leanas:-

- Cinntigh ar dtús go soláthraíonn tú faisnéis chruinn dúinn.
- Cuir in iúl dúinn i scríbhinn a luaithe is féidir má tá aon athruithe ag teastáil maidir leis an fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil roimhe seo.
- Cuir in iúl dúinn i scríbhinn a luaithe is féidir má thugann tú faoi deara botúin nó míchruinneas san fhaisnéis atá á coinneáil againn fút.

Cuirfidh na gníomhartha sin ar do thaobh ar ár gcumas a chinntiú go bhfuil d'fhaisnéis phearsanta cruinn agus cothrom le dáta.

## 12. Sonraí teagmhála dár nOifigeach Cosanta Sonraí

Más mian leat cóip de d'fhaisnéis phearsanta a fháil, i.e. Iarratas Duine ar a S(h)onraí nó má theastaíonn aon fhaisnéis / cúnamh eile maidir leis an Fhógra Príobháideachais seo agus do chearta, dean teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann mar a leanas:-

| | | |
|---|---|---|
| Roisin MacRory | | |
| Oifigeach Cosanta Sonraí | R-phost: | data.protection@waterwaysireland.org |
| Uiscebhealaí Éireann | Teil: | +44 (0) 28 6632 3004 |
| 2 Bóthar Shligigh | | |
| Inis Ceithleann | | |
| Co Fhear Manach | | |
| BT74 7JY | | |

## 13. Conas Gearán a dhéanamh faoi Chosaint Sonraí

Déanann Uiscebhealaí Éireann a ndícheall na caighdeáin is airde a chomhlíonadh agus iad ag bailiú agus ag úsáid do chuid faisnéise pearsanta agus á dhéanamh sin, spreagann sé daoine a thabhairt dár n-aire má cheapann siad go meastar go bhfuil bailiú nó úsáid a gcuid faisnéise pearsanta éagórach nó míchuí.

Más mian leat gearán a dhéanamh maidir leis an bhealach a rinneamar do chuid faisnéise pearsanta a bhailiú nó a phróiseáil, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí le comhfhreagras teileafóin, i scríbhinn nó trí r-phost, féach Alt 12 thuas.

Is féidir leat a bheith cinnte de go ndéanfar imscrúdú iomlán ar gach gearán a gheofar. Le go bhféadfaimis aghaidh a thabhairt ar do ghearán go tapa agus go héifeachtach, iarraimid ort an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar dúinn.

## 14. Ról Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí in Éirinn

Má tá tú míshásta le torthaí an Oifigigh Cosanta Sonraí maidir le do ghearán, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn nó le hOifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA.

**<u>Sonraí teagmhála: Oifig an Choimisinéara Faisnéise, RA</u>**

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Wycliffe House
Water Lane
Wilmslow
Cheshire
England SK9 5AF

Ríomhphost: casework@ico.org.uk
Teil: +44 (0) 303 123 1113
www.ico.org.uk.

**<u>Sonraí teagmhála: An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Éire</u>**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Teach na Canála
Bóthar an Stáisiúin
Cúl an tSúdaire
Co. Laoise
R32 AP23

Ríomhphost: info@dataprotection.ie
Teil: +353 (0) 104 800
www.dataprotection.ie

**Oifig Bhaile Átha Cliath**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cúirt Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28

## 15. Nuashonruithe ar an Fhógra Príobháideachais seo

Déanfaimid an Fógra Príobháideachais seo a leasú ó am go ham lena chinntiú go leanfaidh sé de léiriú a thabhairt cén dóigh agus cén fáth a mbailíonn agus a n-úsáideann Uiscebhealaí Éireann mar eagraíocht sonraí pearsanta. Cuirfear an leagan reatha in airde ar ár suíomh gréasáin i gcónaí ag https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice

**Nóta: Nuashonraíodh Fógra Príobháideachta RGCS Uiscebhealaí Éireann le déanaí an 15 Marta 2023.**
Is leagan 1.3 é seo

## 16. Naisc le láithreáin ghréasáin eile

D'fhéadfadh go mbeadh naisc ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí Éireann le láithreáin ghréasáin eile ("Suíomhanna Gréasáin Tríú Páirtí") atá lasmuigh dár smacht agus nach gclúdaíonn an Fógra Príobháideachais seo dá bhrí sin. Má dhéanann tú rochtain ar Shuíomhanna Gréasáin Tríú Páirtí ag baint úsáide as na naisc a chuirtear ar fáil, féadfaidh oibreoirí suíomhanna den sórt sin faisnéis a bhailiú uait a úsáidfidh siad de réir a gcuid Fógraí / Beartas Príobháideachais féin. Molaimid duit Fógraí Príobháideachais / Beartas na Suíomhanna Gréasáin Tríú Páirtí sin a athbhreithniú ionas go dtuigeann tú cén fáth agus cén dóigh a mbailíonn siad agus / nó a úsáideann siad faisnéis uait féin nó ó do ríomhaire.

**Rialú Leaganacha**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Lúnasa 2018 | Faofa |
| 1.1 | Iúil 2020 | Breatimeacht |
| 1.2 | Nollaig 2020 | Breatimeacht |
| 1.3 | Márta 2023 | Athbhreithniú agus mionleasuithe |